AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 476 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sábháilteacht Oibríochtaí Ola agus Gáis amach ón gCósta in 2024

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sábháilteacht Oibríochtaí Ola agus Gáis amach ón gCósta in 2024

Clár

1. RÉAMHRÁ 2
2. BUNÚS DLÍ 3
3. MODHEOLAÍOCHT AGUS FAISNÉIS A FUARTHAS 3
4. AN EARNÁIL OLA AGUS GÁIS AMACH ÓN gCÓSTA SAN AONTAS 4
   4.1 Suiteálacha agus táirgeadh 4
   4.2 Iniúchtaí, imscrúduithe, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta agus an creat rialála 6
5. TEAGMHAIS AGUS FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA 7

1. RÉAMHRÁ

Ó bhí 2016 ann tá tuarascáil bhliantúil á foilsiú ag an gCoimisiún Eorpach maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas Eorpach.

Is é is bunús dlí le haghaidh na tuarascála sin Airteagal 25(3) de Threoir 2013/30/AE[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (dá ngairtear 'an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta' anseo feasta). Is é is aidhm do Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach in oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta, ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

i. oibrithe;
ii. an comhshaol;
iii. ardáin agus trealamh amach ón gcósta;
iv. gníomhaíochtaí eacnamaíocha, amhail an iascaireacht agus an turasóireacht.

Leis an Treoir, arna cur chun feidhme ag na Ballstáit, cuidítear leis an méid seo a leanas:

i. mórthionóiscí agus mórtheagmhais a chosc;
ii. an líon teagmhas a laghdú;
iii. measúnú iar-iniúchta leantach éifeachtach ar thionóiscí agus ar theagmhais a áirithiú chun déine na n-iarmhairtí a bhaineann leo a laghdú.

Ar an gcaoi chéanna le tuarascálacha a tháinig roimhe seo, déantar an méid seo a leanas sa tuarascáil bhliantúil seo:

i. an líon agus an cineál suiteálacha san Aontas a thabhairt le fios;
ii. faisnéis a sholáthar maidir le teagmhais sábháilteachta sna suiteálacha sin;
iii. measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

Cumhdaítear tréimhse 9 mbliana leis an tuarascáil anois, agus feidhmíonn sí mar thaifead ar fheidhmíocht sábháilteachta na mBallstát i dtaobh gníomhaíochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla agus ar na sonraí a chuir na Ballstáit isteach mar a cheanglaíonn Airteagal 25(3) den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, agus pointe 3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann léi, orthu a dhéanamh.

Tá 164 shuiteáil ola agus gáis amach ón gcósta suite sa Mheánmhuir, 147 sa Mhuir Thuaidh agus san Aigéan Atlantach, 9 sa Mhuir Dhubh agus 4 i Muir Bhailt. In 2024 rinne údaráis inniúla na mBallstát iniúchadh ar shábháilteacht 299 suiteáil amach ón gcósta ina ndlínse. Thuairiscigh údaráis inniúla na mBallstát dhá mhórthionóisc in 2024.

1 IO L 178, 28.6.2013, lch. 66.

Tháinig méadú ar líon na dteagmhas ó 44 in 2023 go 72 in 2024.

2. BUNÚS DLÍ

I gcomhréir le hAirteagal 25(3) den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, ní mór don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le sábháilteacht agus tionchar comhshaoil oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta. Tá an tuarascáil sin bunaithe ar thuarascálacha bliantúla aonair nach mór do na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir an t-íosmhéid faisnéise nach mór a bheith sna tuarascálacha bliantúla:

i. líon, aois agus suíomh na suiteálacha;
ii. líon agus cineál na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe a rinneadh, de bhreis ar aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin nó ciontú;
iii. na teagmhais a tharla;
iv. aon mhórathrú ar an gcreat rialála amach ón gcósta;
v. measúnú ar fheidhmíocht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

De bhun Airteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1112/2014 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2014[2] (dá ngairtear an 'Rialachán Cur Chun Feidhme' anseo feasta), is é an 1 Meitheamh tar éis na tréimhse tuairiscithe (e.g. an 1 Meitheamh 2025 le haghaidh 2024) an sprioc-am do na Ballstáit chun an fhaisnéis is gá a fhoilsiú agus a chur isteach.

Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis a chur isteach trí úsáid a bhaint as na teimpléid a sholáthraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme. Déantar foráil sna teimpléid maidir leis an méid seo a leanas:

i. gur féidir le hoibreoirí agus úinéirí suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta faisnéis faoi tháscairí mórghuaise a chomhroinnt;
ii. gur féidir leis na Ballstáit faisnéis faoi tháscairí mórghuaise a fhoilsiú.

Le treoraíocht ó sheirbhísí an Choimisiúin[3], soláthraítear faisnéis tacaíochta agus samplaí d'údaráis inniúla na mBallstát, d'oibreoirí agus d'úinéirí chun léirmhíniú comhsheasmhach ar na ceanglais tuairiscithe sa Rialachán Cur Chun Feidhme a chur chun cinn.

3. MODHEOLAÍOCHT AGUS FAISNÉIS A FUARTHAS

Ní mór do na Ballstáit tuarascálacha bliantúla a chur isteach faoi theagmhais sábháilteachta san earnáil ola agus gáis amach ón gcósta trí úsáid a bhaint as na teimpléid. Ní mór faisnéis faoi na suiteálacha

[2] IO L 302, 22.10.2014, lch. 2.
[3] Treoirdhoiciméad maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1112/2014 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2014.

ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas a áireamh sna tuarascálacha bliantúla sin, amhail líon, cineál, suíomh agus aois na suiteálacha. Ina theannta sin, ní mór faisnéis a sholáthar sna tuarascálacha ó na Ballstáit faoin líon (i) iniúchtaí, imscrúduithe agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta a rinneadh; (ii) teagmhas de réir catagóire, de réir Airteagal 25(3) den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta; agus (iii) gortuithe, de réir cheanglas tuairiscithe H de chuid Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 1112/2014.

Chun an tuarascáil bhliantúil sin a ullmhú, bhain an Coimisiún úsáid as faisnéis a sholáthair an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, Éire, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn. Dhearbhaigh na Ballstáit sin uile go raibh an fhaisnéis uile ba ghá maidir leis na suiteálacha uile curtha isteach acu. Ní raibh na Ballstáit eile gníomhach san earnáil ola agus gáis amach ón gcósta.

4. AN EARNÁIL OLA AGUS GÁIS AMACH ÓN gCÓSTA SAN AONTAS

4.1 Suiteálacha agus táirgeadh

Thuairiscigh na Ballstáit go raibh 324 shuiteáil in uiscí an Aontais in 2024 (féach Tábla 1):

- Bhí formhór na suiteálacha amach ón gcósta[4] sa Mheánmhuir. Is í an Iodáil an tír is gníomhaí (is léi 43 % de na suiteálacha uile in uiscí an Aontais), agus is í an Chróit an dara tír is gníomhaí.
- Sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach, bhí formhór na suiteálacha (thart ar 42 % de na suiteálacha uile in uiscí an Aontais) i limistéar eacnamaíoch eisiach na hÍsiltíre sa Mhuir Thuaidh.
- Sa Mhuir Dhubh, tá tionscal seanbhunaithe ola agus gáis amach ón gcósta ag an Rómáin. Lean an Bhulgáir den taiscéalaíocht hidreacarbón amach ón gcósta, ach ní raibh ach suiteáil amháin aici agus tá cainníochtaí beaga ola agus gáis á dtáirgeadh aici.
- I Muir Bhailt, is ag an bPolainn amháin atá suiteálacha amach ón gcósta.

Tábla 1: Suiteálacha an 1 Eanáir 2024: cineál suiteála de réir réigiúin agus Ballstáit

Réigiún	**Tír**	**Cineál suiteála (*)**					
		SFS	SGG	SNS	STS	Iomlán (réigiún/tír)	Athrú i gcomparáid le 2023
Muir Bhailt		**3**	**1**	**0**	**0**	**4**	**--**
	an Pholainn	3	1	0	0	4	--
an Mhuir Dhubh		**5**	**4**	**0**	**0**	**9**	**--**
	an Bhulgáir	0	1	0	0	1	--
	an Rómáin	5	3	0	0	8	--
an Mheánmhuir		**15**	**147**	**0**	**2**	**164**	**--**
	an Chróit	2	17	0	0	19	--

[4] Ní cuid de na sonraí i Roinn 4.1 iad na haonaid shoghluaiste druileála amach ón gcósta.

	an Ghréig	1	1	0	0	2	--
	an Iodáil	11	127	0	2	140	--
	an Spáinn	1	2	0	0	3	--
an Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach		**42**	**100**	**5**	**0**	**147**	**--**
	an Danmhairg	10	19	1	0	30	--
	an Ghearmáin	1	1	0	0	2	--
	Éire	0	0	0	0	0	--
	an Ísiltír	31	80	4	0	115	--
Iomlán (de réir an chineáil suiteála)		**65**	**252**	**5**	**2**	**324**	**--**

(*) SFS: Suiteáil fhoireannaithe sheasta; SNS: Suiteáil neamhtháirgthe sheasta; STS: Suiteáil táirgthe ar snámh; SGG: Suiteáil is gnách a bheith gan freastal.

Tháinig níos mó ná leath de na suiteálacha amach ón gcósta i bhfeidhm idir 1980 agus 2000. In 2024 tháinig cúig shuiteáil sheasta nua i bhfeidhm[5]. Ó bhí 2010 ann tá laghdú suntasach tagtha ar fhorbairt suiteálacha táirgthe nua sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach.

Thart ar 76 % den ola agus den ghás a tháirgtear san Aontas Eorpach (12 254 chileathona de choibhéis ola - dá ngairtear ‘ktoe’ anseo feasta), is sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach a tháirgtear é (féach Tábla 2). Is iad an Ísiltír agus an Danmhairg na táirgeoirí is mó sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach. Is iad an Iodáil agus an Chróit na táirgeoirí is mó sa Mheánmhuir, agus is í an Ghréig an tríú táirgeoir is mó ann. Níor táirgeadh ola agus gáis amach ón gcósta sa Spáinn. Sa Mhuir Dhubh, is é táirgeadh na Rómáine amháin atá tábhachtach.

Tábla 2: Táirgeacht ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas ina ktoe in 2024

Réigiún	**Tír**	**ktoe**	**% d’iomlán an Aontais**	**athrú ar an % i gcomparáid le 2023**
Muir Bhailt		301,29	1,87 %	6,09 %
	an Pholainn	301,29	1,87 %	6,09 %
an Mhuir Dhubh		1 709,131	10,63 %	-4,30 %
	an Bhulgáir	4,667	0,03 %	-33,33 %
	an Rómáin	1 704,464	10,60 %	-4,14 %
an Mheánmhuir		1 817,17	11,30 %	-4,21 %
	an Chróit	157,53	0,98 %	-18,38 %
	an Ghréig	53,64	0,33 %	-10,60 %
	an Iodáil	1 606	9,99 %	-2,37 %
	an Spáinn	0	0,0 %	--
an Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach		12 254	76,20 %	6,08 %
	an Danmhairg	4 534	28,19 %	-3,53 %

[5] Ceithre cinn san Iodáil, ceann amháin san Ísiltír.

	an Ghearmáin	730	4,54 %	3,40 %
	an Ísiltír	6 990	43,47 %	13,73 %
Iomlán		16 081,591	100,00 %	3,63 %

Ar leibhéal an Aontais, tháinig méadú 3,63 % ar tháirgeadh gáis agus ola in 2024 (thart ar 563,6 ktoe) i gcomparáid le 2023. Cé gur tháinig laghdú ar tháirgeacht i bhformhór na dtíortha, is é is cúis leis an méadú foriomlán den chuid is mó méadú +13,8 % ar tháirgeadh san Ísiltír, an táirgeoir mór san Aontas.

Maidir leis an táirgeacht fhoriomlán san Aontas in 2024, arna tomhas ina ktoe, gás ab ea 69 % di agus ola ab ea 31 % di.
Ba í an Danmhairg (3 143 ktoe) fós an táirgeoir ola ba mhó, agus ina dhiaidh sin bhí an Ghearmáin (719 ktoe), an Iodáil (389 ktoe), an Ísiltír (298 ktoe), an Pholainn (275 ktoe) agus an Ghréig (51 ktoe). Maidir le gás, ba í an Ísiltír fós an táirgeoir ba mhó (6 692 ktoe), agus ina dhiaidh sin bhí an Rómáin (1 613 ktoe), an Danmhairg (1 391 ktoe) agus an Iodáil (1 217 ktoe).

4.2 Iniúchtaí, imscrúduithe, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin amach ón gcósta agus an creat rialála

Rinne údaráis inniúla na mBallstát iniúchadh ar na suiteálacha amach ón gcósta ina ndlínse go tráthrialta in 2024 (féach Tábla 3). Dá mhéad suiteálacha a bhí ag tír is ea ba mhó iniúchtaí a rinne an tír sin de ghnáth.

I gcomparáid le 2023 tháinig laghdú ar an líon foriomlán iniúchtaí san Aontas (ó 435 go 371). I bhformhór na mBallstát, tháinig laghdú ar an líon.

Tábla 3: Iniúchtaí amach ón gcósta de réir réigiúin agus Ballstáit in 2024

Réigiún	**Tír**	**Cigireachtaí**	**Laethanta oibre a caitheadh ar an tsuiteáil (ní áirítear am taistil)**	**An líon suiteálacha a ndearnadh iniúchadh orthu**
Muir Bhailt		**2**	**4**	**3**
	an Pholainn	2	4	3
an Mhuir Dhubh		**28**	**204**	**11**
	an Bhulgáir	0	0	0
	an Rómáin	28	204	11
an Mheánmhuir		**216**	**280**	**202**
	an Chróit	23	40	9
	an Chipir	0	0	0
	an Ghréig	2	20	2
	an Iodáil	189	219	189

	an Spáinn	2	1	2
an Mhuir Thuaidh agus an tAtlantach		**125**	**254,5**	**83**
	an Danmhairg	24	94,5	24
	an Ghearmáin	3	4	1
	an Ísiltír	98	156	58
Iomlán		**371**	**742,5**	**299**[6]

Le hAirteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cearta agus cumhachtaí áirithe ag údaráis inniúla na mBallstát maidir le hoibríochtaí agus suiteálacha faoina ndlínse. Áirítear ar na cumhachtaí sin an ceart chun toirmeasc a chur ar oibriú suiteálacha, an ceart chun ceangal a chur ar oibreoirí bearta a dhéanamh lena n-áirithítear comhlíonadh bainistíochta riosca agus an ceart chun bearta a dhéanamh lena n-áirithítear sábháilteacht leanúnach na n-oibríochtaí.

In 2024 rinneadh trí imscrúdú maidir le mórthionóiscí. Astu sin, tá dhá cheann tugtha chun críche (an Iodáil agus an Danmhairg), agus tá ceann amháin fós ar siúl (an Chróit).

Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin le linn 2024.

5. TEAGMHAIS AGUS FEIDHMÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA

Ní mór d'oibreoirí agus d'úinéirí suiteálacha agus d'údaráis inniúla na mBallstát tionóisc nó cás contúirte tromchúisí (dá ngairtear 'teagmhas') a thuairisciú. Mar sin féin, is féidir eachtra amháin nó níos mó a bheith i gceist san aon teagmhas amháin. Mar shampla, ní mór dhá chatagóir eachtra a fhógairt maidir leis an teagmhas céanna má tharla (a) scaoileadh neamhbheartaithe gáis a d'fhág (b) go raibh gá le foireann a aslonnú.

Thuairiscigh na Ballstáit 72 theagmhas[7] in 2024 i gcomparáid le 44 theagmhas in 2023:

- An Danmhairg – 21 teagmhas, mórthionóisc amháin[8] (12 theagmhas in 2023)[9].
- An Chróit – 8 dteagmhas, gan aon mhórthionóisc (8 dteagmhas in 2023)[10].

[6] D'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar shuiteáil níos mó ná uair amháin le linn na bliana tuairiscithe; dá bhrí sin, tá 'an líon iniúchtaí' (371) éagsúil leis 'an líon suiteálacha' (299), mar gheall ar an líon saoráidí a rinneadh a dhíchoimisiúnú le linn na bliana agus an líon saoráidí a thosaigh ar fheidhmiú le linn na bliana.

.

[7] Ní chumhdaíonn an oibleagáid tuairiscithe teagmhais áirithe (e.g. teagmhais nach mbaineann le hoibríochtaí).

[8] Doirteadh gáis ar an ardán Tyra East i ndáil le tús a chur leis an táirgeadh tar éis suaitheadh in oibríochtaí.

[9] I gcás na Danmhairge, Scaoileadh neamhbheartaithe a bhí i gceist le 14 theagmhas. Níor tháinig 7 dteagmhas faoi aon chatagóir i Roinn 4.2. Iarscríbhinn IX Catagóirí Teagmhais.

[10] I gcás na Cróite, as na hocht dteagmhas, Scaoileadh neamhbheartaithe ba chúis le cúig cinn díobh agus Cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil ba chúis le trí cinn.

- An Ísiltír – 45 theagmhas, gan aon mhórthionóisc[11] (24 theagmhas in 2023)[12].
- An Ghréig – 4 theagmhas[13], gan aon mhórthionóisc (0 teagmhas in 2023).
- An Iodáil – mórthionóisc amháin[14] (gan aon cheann in 2023, agus gan aon teagmhas).

As na teagmhais a tharla in 2024, bhain 81,94 % díobh le scaoileadh neamhbheartaithe gáis agus/nó ola agus/nó substaintí guaiseacha, bhain 16,67 % díobh le cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil, agus bhain 1,39 % díobh le himbhuailtí soithí. Níor maraíodh aon duine de dheasca aon cheann de na teagmhais sin. Chomh maith leis sin, níor tuairiscíodh aon chaillteanas toibreacha ná tionóisc héileacaptair.

Tábla 4: Teagmhais de réir catagóire (a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta) in 2024

Catagóir		Iomlán	Sciar d'iomlán na catagóire	Sciar d'iomlán na dteagmhas	Fás coibhneasta vs 2023
(a)	**Scaoileadh neamhbheartaithe – iomlán**	**59**	**100 %**	**81,94 %**	**+55 %**
	Dóiteáin arbh é ba chúis leo ola/gás adhainte	0	0 %	0,00 %	--
	Pléascthaí arbh é ba chúis leo ola/gás adhainte	0	0 %	0,00 %	--
	Gás gan adhaint	20	34 %	27,78 %	+43 %
	Ola gan adhaint	8	14 %	11,11 %	+14 %
	Substaint ghuaiseach	31	52 %	43,06 %	+82 %
(b)	**Caillteanas toibreacha – iomlán**	0	0 %	0,00 %	-100 %
	Logáin séidte	0	0 %	0,00 %	--
	Logán séidte/gníomhachtú atreodóra	0	0 %	0,00 %	-100 %
	Cliseadh bacainne tobair	0	0 %	0,00 %	--
(c)	**Cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil**	**12**	**100 %**	**16,67 %**	**300 %**
(d)	**Caillteanas sláine struchtúraí – iomlán**	**0**	**0 %**	**0,00 %**	**--**
	Caillteanas sláine struchtúraí	0	--	0,00 %	--
	Caillteanas seasmhachta/snámhachta	0	--	0,00 %	--
	Caillteanas coinneála stáisiúin	0	--	0,00 %	--
(e)	**Imbhuailtí soithí**	**1**	**100 %**	**1,39 %**	**NUA**
(f)	**Tionóiscí héileacaptair**	**0**	**--**	0,00 %	--
(g)	**Tionóiscí marfacha (*)**	**0**	**--**	0,00 %	--
(h)	**Cúigear nó níos mó gortaithe go tromchúiseach le linn na tionóisce céanna**	**0**	**--**	0,00 %	--
(i)	**Aslonnú pearsanra**	**0**	**--**	0,00 %	--

[11] Áirítear ar mhórthionóiscí teagmhais a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le bás nó le gortú tromchúiseach (fiú murar tharla bás ná gortú).
[12] I gcás na hÍsiltíre, 5 Chliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil agus 40 Scaoileadh neamhbheartaithe a bhí sna teagmhais.
[13] I gcás na Gréige, Cliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil a bhí sna ceithre theagmhas uile.
[14] Thuairiscigh an Iodáil teagmhas imbhuailte soithí amháin.

(j) Tionóiscí comhshaoil	**0**	--	0,00 %	--
Iomlán	**72**		**100,00 %**	**+64 %**
(*) *I gcás ina mbaineann sé le mórthionóisc, agus sa chás sin amháin.*				

San Aontas, tháinig méadú ar an líon iomlán teagmhas ó 44 in 2023 go 72 in 2024 (+64 %). Is é is cúis leis an difríocht sin den chuid is mó an méadú ar scaoileadh neamhbheartaithe ó 38 go 59 (+ 55 %) agus ar chliseadh eilimintí criticiúla i réimse na sábháilteachta agus an chomhshaoil ó 3 go 12 (300 %). Níor tuairiscíodh aon teagmhas a bhain le caillteanas toibreacha (i gcomparáid le trí cinn in 2023). Tuairiscíodh imbhualadh soithí amháin (gan aon cheann in 2023).

Substaintí guaiseacha (17 dteagmhas, 45 %), gás (14 theagmhas, 37 %) agus ola (7 dteagmhas, 18 %) a bhí sa scaoileadh neamhbheartaithe.

Aicmíodh dhá theagmhas mar mhórthionóiscí le linn 2024. Rinne údaráis inniúla na mBallstát measúnú, i gcomhar leis na hoibreoirí, ar na cúiseanna atá leis na teagmhais chun a chinneadh an bhfuil gá le himscrúduithe nó le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Níor mheas na húdaráis go raibh gá le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

6. CONCLÚIDÍ

In 2024 bhí 324 shuiteáil ola agus gáis amach ón gcósta san Aontas.

Tháinig méadú ar tháirgeacht ola agus gáis ó 15 518 ktoe in 2023 go 16 082 ktoe in 2024 (méadú 3,6 % ar tháirgeadh, i gcomparáid le laghdú 4,6 % in 2023 i gcomparáid le 2022). Tháirg an Danmhairg agus an Ísiltír 72 % d'iomlán ola agus gáis amach ón gcósta an Aontais.

Rinne an Coimisiún measúnú ar shábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair na Ballstáit, de réir an Rialacháin Cur Chun Feidhme. Dá bhrí sin, braitheann cruinneas mheasúnú an Choimisiúin ar chruinneas na faisnéise sin.

In 2024 lean údaráis inniúla na mBallstát dá gcuid iarrachtaí ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú in oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta trí iniúchadh a dhéanamh ar 299 suiteáil (i gcomparáid le 388 suiteáil in 2023). Níor tuairiscíodh aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin le linn 2024.

Tháinig méadú ar an líon iomlán teagmhas ó 44 in 2023 go 72 in 2024. In 2024 bhí dhá mhórthionóisc ann, i gcomparáid le 2023 nuair nárbh ann d'aon cheann. Níor tuairiscíodh aon bhás. Níor dhearna na húdaráis inniúla aon ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Tharla 39 ngortú[15] agus 13 ghortú thromchúiseacha[16].

Mar fhocal scoir, de bharr na n-iniúchtaí éigeantacha agus na ngníomhaíochtaí a rinneadh, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Amach ón gCósta, tá oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta fós sábháilte de thoradh na hoibre atá déanta ag údaráis inniúla na mBallstát.

[15] 3 cinn san Iodáil, ceann 1 sa Rómáin, 24 sa Danmhairg agus 11 san Ísiltír.
[16] 8 gcinn san Iodáil, ceann 1 san Ísiltír, 4 cinn sa Danmhairg.

Chun an leibhéal sábháilteachta a choinneáil ar bun, tá an Coimisiún ag leanúint de bheith ag oibriú go dlúth le Grúpa an Aontais Eorpaigh um Údaráis Ola agus Gáis Amach ón gCósta (EUOAG). Cuireann EUOAG dea-chleachtais chun cinn maidir leis na hoibríochtaí uile a dhéanamh go sábháilte, agus tugann sé cúnamh d'údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil ionadaíocht acu sa ghrúpa.